Lorg gréasáin 1 – Cuairt ar Giverny

Tá Máire, seanmháthair dhuine de na daltaí sa ghrúpa, ag iarraidh dul ar cuairt chuig teach agus gairdíní Claude Monet in Giverny sa Fhrainc. Tá eitilt go Páras eagraithe aici di féin a thagann isteach go hAerfort Charles de Gaulle I bPáras ag 8am ach teastaíonn cabhair uaithi chun a bealach a dhéanamh ar dtús go teach a cara ag 104 rue du Bac, Paris 7ème agus ansin go Giverny. Ba mhaith léi a garmhac agus triúr dá chairde a thabhairt léi ar an turas. Tá sé i gceist go mbuailfeadh an grúpa ar fad le chéile i bPáras ag Gare St. Lazare thart ar 10am. Cúigear ar fad a bheidh sa ghrúpa. Gheobhaigh siad dinnéar agus caithfidh siad an oíche in Giverny.

1: Conas a thaistealóidh Máire ó aerfort Charles de Gaulle go 104 rue du Bac, Paris 7ème ?

http://www.ratp.fr/

2: Conas a thaistealóidh an grúpa go Giverny? Agus ar ais go Páras?

http://www.voyages-sncf.com/

3: Cuir in áirithe na ticéid don teach agus do na gairdíní. Cén praghas iomlán a bheidh orthu agus cén uimhir theileafóin atá ag an tseirbhís chustaiméirí?

http://fondation-monet.com/fr/

4: Déan bord do chúigear a áirithint. Cén seoladh atá ag an mbialann agus cén praghas ata ar an mbiachlár?

http://www.restaurantbaudy.com/

5: Déan trí sheomra a áirithint in óstán gar do Giverny. Cé mhéad seomraí atá san óstán agus an mbíonn sé ar oscailt ar feadh na bliana?

http://www.lamusardiere.fr/giverny_accueil.php?lang=fr

Lorg gréasáin 2 – Cluiche rugbaí in Montpellier

Beidh cluiche rugbaí á imirt idir Coláiste na Carraige Duibhe agus Montpellier. Is i Montpellier a bheidh an cluiche á imirt agus tá Séamus, athair dhuine den ghrúpa daltaí ag iarraidh freastal air toisc gur iarscoláire de Choláiste na Carraige Duibhe é. Tá sé féin an-ghnóthach leis an obair agus teastaíonn uaidh go gcuirfear ticéad don TGV as Páras go Montpellier in áirithe dó agus go gceannófar ticéad don chluiche dó. Is mian leis fanacht i lár na cathrach. Tá sé i gceist aige bualadh lena chara Máirtín agus é i Montpellier. Is cosúil go dtaitníonn snagcheol go mór leo beirt agus luaigh Máirtín go mbeidh an Festival de Radio France et Montpellier ar siúl ag an am céanna leis an gcluiche. Ba mhaith le Séamus a fháil amach cé a bheidh ag seinm. Tá Máirtín chun dhá thicéad a áirithint do cheolchoirm agus tá sé chun bord a áirithint do bheirt I mbialann veigeatórach..

1: Níl aon eitilt dhíreach le fáil as BÁC go Montpellier, mar sin tá sé beartaithe ag Séamus eitilt go Páras agus an TGV a fháil as Páras go Montpellier. Déan an ticéad TGV as Páras go Montpellier a áirithint.

http://www.voyages-sncf.com/

2: Déan seomra amháin a áirithint in óstán i lár na cathrach. Cé mhéad a íocfaidh sé ar sheomra agus bricfeasta?

http://www.l-hotel-montpellier.com/contact

3: Ceannaigh ticéad don chluiche. Inis trí bhealach chun ticéid a áirithint.

http://www.montpellier-rugby.com/

4: Tá clár imeachtaí an Festival de Radio France et Montpellier ag teastáil ó Shéamus agus tá a chara Máirtín chun dhá thicéad a áirithint do cheolchoirm. Cé mhéad de lucht féachana a bhí ag an bhféile in 2013 agus cé mhéad éisteoirí sa Fhrainc?

http://www.festivalradiofrancemontpellier.com/

5: Veigeatóirí is ea iad beirt agus ba mhaith le Máirtín bord do bheirt a áirithint I mbialann veigeatórach i Montpellier. Cén seoladh atá ag an mbialann agus cén praghas atá ar mhias an lae?

http://www.restovege.fr/tag/restaurant-vegetarien-montpellier/

Lorg gréasáin 3 – Comórtas leadóige in Bordeaux

Beidh grúpa agaibh ag dul go Bordeaux le páirt a ghlacadh i gcomórtas leadóige. Seisear a bheidh sa ghrúpa agus caithfidh sibh gach rud a ullmhú le bheith réidh don chomórtas. Beidh oraibh ticéid eitleáin go Bordeaux a áirithint agus árasán ar feadh seachtaine. Chuaigh bhur gcuid bagáiste ar strae agus beidh oraibh éadaí, bróga agus raicéid leadóige a cheannach. Is gá freisin cúirt leadóige poiblí a aimsiú agus a áirithint le cleachtadh a dhéanamh sula dtosaíonn an comórtas ag an deireadh seachtaine. Beidh oraibh siopadóireacht a dhéanamh ar líne freisin le go ndéanfar bia agus deoch a sheachadadh chuig an árasán.

1: Tá sé i gceist árasán a thógáil ar cíos ar feadh seachtaine. Aimsigh árasán le trí sheomra codlata. Cén costas a bheidh ar sheachtain?

http://vacances.seloger.com/location-appartement-bordeaux

2: Caithfidh sibh eitilt as BÁC go Bordeaux… téann Air France go Bordeaux trí Pháras… is gá ticéid a áirithint do sheisear.

http://www.airfrance.fr/cgi-bin/AF/FR/fr/common/home/vols/billet-avion.do

3: Caithfidh sibh cúirt leadóige a aimsiú agus a áirithint. An bhfuil cúirt faoi dhíon ar fáil? Cén seoladh atá ag an ionad?

http://www.bordeaux.fr/pgFicheLieu.psml?_nfpb=true&_pageLabel=pgFicheLieu&classofcontent=lieu&id=4285

4: Aimsigh seoladh agus uimhir theileafóin Bordeaux Lac chun éadaí, bróga agus raicéid leadóige a cheannach.

http://www.decathlon.fr/fr/store?store_id=PS_19

5: Ordaigh bhur gcuid earraí grósaera ar líne agus iarr an t-ordú a sheachadadh chuig seoladh an árasáin.

http://www.monoprix.fr/

Lorg gréasáin 4 – Cúrsa cócaireachta i bPáras

Tá Máirín, aintín le duine den ghrúpa daltaí, ag obair in Marseille i ndeisceart na Fraince agus beidh seachtain saoire ag teacht chuici. Ba mhaith léi foghlaim conas *macarons* a dhéanamh ag scoil Lenôtre i bPáras ach tá sí fíorghnóthach agus iarrann sí ar a nia/neacht gach rud a eagrú chun go bhféadfaidh sí freastal ar an gcúrsa: an turas ó Marseille go Páras, árasán gearrthéarmach a aimsiú di agus í a chlárú ar an gcúrsa. Ba mhaith léi leas a bhaint as na rothair Vélib' le linn a cuid ama i bPáras agus teastaíonn pas seachtaine uaithi. Ba mhaith léi freisin go gceannófaí roinnt uirlisí bácála di le húsáid san árasán.

1: Déan ticéad traenach a áirithint as Marseille go Gare de Lyon i bPáras. Ba mhaith le Máirín teacht isteach go Páras thart ar mheán lae.

http://www.voyages-sncf.com/

2: Déan árasán gearrthéarmach in aice le Maison Lenôtre , atá sa 7ème arrondissement áirithint: seomra codlata amháin nó studio.

http://www.lodgis.com/fr/paris,location-vacances/

3: Ba mhaith léi trí cheacht éagsúla bácálá *macarons* a dhéanamh laistigh de sheachtain. Cuir in áirithe iad.

http://www.lenotre.com/FR/ecoles/ecoles-amateurs/presentation

4: Ba mhaith léi taisteal ar rothar Vélib' ó am go ham le linn na seachtaine, agus ba mhaith léi ticéad seachtaine a bheith aici chuige sin. Ceannaigh é.

http://www.velib.paris.fr/Abonnements-tarifs

5: Teastaíonn uaithi na huirlisí cócaireachta chun *macarons* a dhéanamh a bheith aici san árasán … beidh gá le hiad a cheannach. Ceannaigh iad.

http://www.toc.fr/patisserie/outils-patisserie.html

Lorg gréasáin 5 – Taighde ar 3 cháis Fhrancacha.

Ba mhaith le Anraí, athair dhuine den ghrúpa, veain campála a thógáil ar cíos agus cuairt a thabhairt ar thrí réigiún aitheanta cáise sa Fhrainc. Tá ticéad ceannaithe cheana aige don turas as Éirinn go dtí an Fhrainc lena charr agus beidh sé ag teacht i dtír in Cherbourg ar 12 Bealtaine agus is mian leis fanacht sa Fhrainc ar feadh seachtaine. Teastaíonn uaidh a charr a pháirceáil i gcarrchlós iata gar don chalafort. Tá se chun carr campála a fháil ar cíos go dtí 19 Bealtaine chun an turas sa Fhrainc a dhéanamh. Ba mhaith leis cuairt a thabhairt ar dhéantóirí traidisiúnta Camembert sa Normainn, Brie de Meaux san Ile de France agus Fourme d'Ambert san Auvergne. Cabhraigh leis.

1: Faigh amach cé mhéad a bheidh air a íoc ar pháirceáil iata ar feadh seachtaine.

http://www.port-cherbourg.com/ferry-passagers/infos-pratiques-ferry/parking-ferry-passagers/

2: Aimsigh gnólacht a chuireann carranna campála ar cíos don tseachtain 12 go 19 Bealtaine.

http://ulrich-campingcars.com/location.aspx

3: Faigh amach conas a gheobhaidh sé eolas ar dhéantús traidisiúnta Camembert.

http://www.escaporne.fr/pdf_2012/nature_et_terroir/la_route_du_camembert.pdf

4: Faigh amach céard iad na ceithre chineál cáise Brie atá á moladh ar an suíomh seo.

http://www.fermes-brie.fr/fromagerie.html

5: Céard iad na cúig cháis AOP san Auvergne.

http://www.fourme-ambert.com/fromage-aop/fromage-de-tradition/les-fromageries-de-l-aop/gaec-des-croix-de-chazelles

Lorg gréasáin 6 – turas go dtí an Fhéile Phan-Cheilteach in Lorient

Tá cuireadh faighte ag grúpa traidisiúnta an ranga a bhfuil cúigear agaibh ann, seinm ag an bhFéile Phan-Cheilteach in Lorient sa Bhriotáin. Beidh sibh ag taisteal as Corcaigh go Roscoff i veain. Beidh sé seo eagraithe ag stiúrthóirí an fhéile daoibh roimh ré ach beidh oraibhse treoracha a fháil le taisteal as Roscoff go Lorient don tiománaí agus seomraí a áirithint don chúigear agaibh in óstán Victor Hugo in Lorient: dhá sheomra dhúbailte agus seomra singil amháin. Beidh oraibh eolas a fháil ar bhialanna áitiúla nach bhfuil ródhaor. Beidh dhá lá agaibh in Lorient le cleachtadh a dhéanamh roimh an gceolchoirm. Mar sin beidh seomra cleachtaidh le tógáil ar cíos don dá lá sin. Chomh maith leis sin tá an nuachtán Ouest France ag iarraidh go scríobhfaidh sibh alt dóibh ag cur síos ar an bhFéile agus ar an am a chaithfidh sibh ann. Beidh oraibh aistritheoir a aimsiú chun an t-alt a aistriú go Fraincis.

1: Déan cur síos ar an mbealach ó Roscoff go Lorient.

http://www.viamichelin.fr/web/Trafic

2: Déan seomraí a áirithint san óstán Victor Hugo. Ce mhéad seomra ata san óstán agus cé mhéad a bheidh oraibh a íoc?

http://www.hotelvictorhugo-lorient.com/

3: Aimsigh bialann nach bhfuil ródhaor. Cén ceann a roghnaigh sibh?

http://www.resto.fr/restaurant-lorient

4: Is gá an seomra cleachtaidh á áirithint ar feadh dhá lá. Cén seoladh atá aige agus cén uimhir theileafóin?

http://www.lorient-agglo.fr/Studios-de-repetition.78.0.html

5: Beidh aistritheoir ag teastáil uaibh. An bhfuil aistritheoir Gaeilge-Fraincis ar fáil? Conas a dhéantar íocaíocht?

http://www.transpress-traduction.fr/plan

Lorg gréasáin 7 – Seachtain iascaireachta sa Bhriotáin

Tá Cormac ag iarraidh dul ar thuras iascaireachta go dti an Bhriotáin ar feadh seachtaine. Ba bhreá leis breac a iascach i locha agus aibhneacha ar feadh cúpla lá. Caithfidh sé ceadúnas don iascaireacht aibhne a cheannach agus baoití. Deirtear leis go bhfuil iascaireacht mhaith in aibhneacha an Odet, an Steir agus an Jet atá suite timpeall ar chathair Quimper. Caithfidh sé a fháil amach conas teacht orthu. Ba mhaith leis iascaireacht farraige a dhéanamh freisin. Dúradh leis go bhféadfadh sé iascaireacht mhaith farraige a dhéanamh i gceantar Le Guilvinec atá 20 nóiméad ó Quimper. Caithfidh sé tuairisc a chur faoi iascaireacht i mbád, cé na huaireanta atá ar fáil agus cén praghas a bheidh air. Tá sé i gceist aige tiomáint as Páras agus fanacht i Quimper ar feadh seachtaine. Caithfidh sé seomra in óstán i gceartlár Quimper a áirithint, le carrchlós agus wifi.

1: Ceannaigh cárta iascaireachta aibhne. Cén cineál cárta a roghnóidh Cormac?

http://www.cartedepeche.fr/

2: Ceannaigh baoití chun iascaireacht a dheanamh in abhainn. Inis cé na cinn a roghnaigh tú.

http://www.leures-peche.com/

3: Inis conas teacht ar aibhneacha an Odet, an Steir agus an Jet.

http://www.peche-en-finistere.fr/pecher-en-finistere/

4: Tá eolas ag teastáil maidir le hiascaireacht i mbád ar an bhfarraige, na hamchláir agus na praghsanna.

http://www.alpha-marine.fr/peche_loisir_guilvinec.htm

4: Déan seomra a áirithint i gceartlár Quimper ar feadh seachtaine. Cé na teangacha a labhraítear san óstán agus céard iad na comhordanáidí don GPS?

http://www.oceaniahotels.com/hotel-escale-oceania-quimper

Lorg gréasáin 8 – Dráma in Versailles

Tá daltaí ón scoil tar éis dráma gearr dar teideal “Le Petit Hameau” a chumadh bunaithe ar roinnt laethanta i saol Marie Antoinette in Versailles sa teach samhraidh “Le Petit Hameau”. Tá cúigear carachtar sa dráma… Marie Antoinette, Louis XVI, Count Axel von Fersen, Madame Du Barry agus Madame Campan agus tá cuireadh faighte agaibh an drama a léiriú in Versailles. Caithfidh sibh dul go Páras le cleachtadh a dhéanamh agus as sin go Versailles ar feadh lae le haghaidh an drama a léiriú.

Tá eitilití go Beauvais eagraithe don chúigear aisteoir ach caithfidh sibh oíche i mbrú óige a áirithint don chúigear díbh sa 14ème . Caithfidh sibh dul go Páras agus seomra cleachta a áirithint chun an dráma a chleachtadh. Tá feisteas stáitse agaibh do na mná ach ní mór cultacha ó thréimhse Louis XVI a thógáil ar cíos do na fir. Go moch ar maidin, rachaidh sibh go gare Montparnasse agus glacfaidh sibh an traein go Versailles-Chantier le bheith réidh leis an drama a léiriú um thráthnóna. Leag amach bhur gcúrsa taistil.

1: Déan oíche i mbrú óige i bPáras 14ème a áirithint. Cad is ainm don bhrú? An bhfuil rochtain Idirlín ann? Cén stáisiún métro is gaire dó?

http://www.parisinfo.com/hotels-paris/pour-les-jeunes/

2: Tá cúig thicéad bus le ceannacht le dul ó Beauvais go lár Pháras. Cén praghas atá ar na ticéid agus cá fhad a mhaireann an turas? An turas díreach é?

http://www.aeroportbeauvais.com/bus.php?lang=fr

3: Déan seomra cleachtaidh a áirithint ar feadh lae i bPáras. Cén praghas atá air?

http://lesparalleles.wordpress.com/

4: Faigh feisteas na bhfear ar cíos i bPáras. Cén seoladh atá ag an áit a bhfaighidh sibh na cultacha, cén uimhir líne talún, uimhir fón póca agus uaireanta oscailte atá ag an áit?

http://www.sommier.fr/Costume-Deguisement.asp?pid=1,0,0

5: Leag amach bhur gcúrsa taistil ó Pháras go Versailles.

http://www.ratp.fr/